# Nótaí ar chleachtadh eagarthóireachta 5

*I measc na n-ábhar sna nótaí seo tá:*

- ***Tráchtaireacht** faoi na leasuithe atá le déanamh ar an téacs.*
- ***Athleagan** den téacs agus na leasuithe go léir curtha i bhfeidhm air.*

**Tá áthas ar Aer Lingus fáilte a chur romhat ar bord.**

Tá foireann an chábáin anseo le cinntiú[1] go mbainfidh tú taithneamh[2] as do thuras. Mar sin de, ná bíodh leisc[3] ort cabhair a iarraidh orthu. Ar mhaithe le do chompord agus do shábháilteacht, iarrann muid[4] ort aird a thabhairt ar an bhfoireann ag tús na heitilte agus iad ag taispeáint conas a n-úsáidtear[5] an fearas slándála. Iarrtar ort an cárta threoracha[6] slándála atá i bpóca an tsuíocháin ós[7] do chomhair a léamh leis.

**Sábháilteacht**

Is féidir le fearas leictreonach in-iompartha[8] cur isteach ar threalamh an eitleáin, rud a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. 'Sé[9] príomhchúram Aer Lingus ná sábháilteacht ár gcuid paisnéirí[10] agus, dá bharr sin, iarrtar ort aird a bheith agat ar an eolas sa mír[11] seo a leanas:

- Caithfear teileafóin phóca a mhúchadh nuair a dhruidtear doirse an eitleáin nó ar ordú duine den bhfoireann.[12]
- Is ceadmhach leas a bhaint as gléasanna a bhfuil cadhnraí mar fhoinse cumhachta[13] acu, m.sh. uaireadóir leictreonach, áis éisteachta digiteach.[14]
- Ní cheadaítear d'éinne[15] tobac a chaitheamh in aon chuid den eitleán roimh, le linn nó tar éis na heitilte.

**Seirbhísí bia agus dí**

Bíonn rogha leathan bia agus dí le fáil ar sheirbhísí Aer Lingus ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa – bia d'fheoilshéantóirí[16] san áireamh. Ní mór íoc as deochanna de chuile[17] chineál sna seirbhísí sin. Ní mór íoc as deochanna meisciúla inár gcuid seirbhísí tras-Atlantacha[18] freisin, ach cuirtear deochanna neamh-mheisciúla ar fáil gan costas.[19] Tá eolas ar chúl na hirise seo faoi na béilte[20] agus na deochanna is féidir a cheannach.

## Tráchtaireacht

1. *le cinntiú*… Is amhlaidh atá cuspóir ag an mbriathar *cinntigh*, i.e. go mbainfidh daoine taitneamh as an turas. Sin é an rud atá le cinntiú. Mar sin de, is *lena chinntiú* ba cheart a scríobh. Féach na samplaí seo ó www.focloir.ie:

- chuir mé chugat inné é lena chinntiú go bhfaighfeá in am é
- déanfaimid gach iarracht réasúnta lena chinntiú go bhfuil an t-eolas cruinn

2. *taithneamh*... Is leagan malartach é sin den ainmfhocal *TAITNEAMH*.

3. *leisc*... Is leagan malartach é sin den ainmfhocal *LEISCE*.

4. Tá an fhoirm scartha *iarrann muid* inghlactha de réir an CO. Is le Gaeilge Uladh is mó a shamhlaítear foirmeacha scartha den chineál seo. B'áit leat a leithéid a bheith le fáil i dtéacs nach bhfuil rian ar bith eile den Ultachas air. Go deimhin, is leaganacha malartacha de chuid na Mumhan atá i leithéidí *taithneamh*.

5. *conas a n-úsáidtear*... Coibhneas díreach a leanann *conas* i gcónaí: *conas a úsáidtear*.

6. *cárta threoracha slándála*... Is é atá le déanamh anseo ná *cárta* a chur leis an bpéire ainmfhocal *treoracha slándála*. Is minic a bhíonn séimhiú lochtach ag scríbhneoirí Gaeilge ina leithéid seo de chás, i.e. séimhíonn siad túslitir an phéire ainmfhocal fiú nuair is ainmfhocail éiginnte iad. Is cosúil go ndéanann siad sin faoi thionchar leithéidí *teach mhuintir Ghráinne* nó *ballaí chathair Dhoire*. Ach féach gur ainmfhocail chinnte iad *Gráinne* agus *Doire*.

7. *ós do chomhair*... *Os* ba cheart a scríobh. Féach an iontráil OS NÓ ÓS sa bhunachar Cruinneas.

8. *fearas leictreonach in-iompartha*... Níl feidhm le fleiscín idir an mhír *in-* agus an focal *iompartha*: *iniompartha*.

9. *'Sé príomhchúram Aer Lingus*... Ba cheart an chopail a scríobh amach go hiomlán: *Is é...*

10. *paisnéirí*... *Paisinéirí* an litriú ceart.

11. De réir an CO (1.4.1), is séimhiú a leanann *den*, *don* agus *sa* i gcónaí. Más amhlaidh atá, is *sa mhír* ba cheart a bheith ann. Bhí urú ceadaithe sa Chaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe a foilsíodh in 2012, ach chuathas siar air sin in eagráin eile.

12. *den bhfoireann*... Féach nóta 11 thuas. Is é ba cheart a scríobh: *den fhoireann*.

13. *mar fhoinse cumhachta*... B'fhearr go mór *foinse chumhachta* a scríobh, ó tharla gur ainmfhocal baininscneach é *foinse*. Bheadh an leagan neamhshéimhithe ceart de réir an Chaighdeáin Oifigiúil Athbhreithnithe a foilsíodh in 2012. Bhí trácht san fhoilseachán sin ar choincheap casta ar ar tugadh 'ginideach comhbhainte'.

Úsáideadh *foinse solais* mar shampla den chomhbhaint seo. Bhíothas ag maíomh go bhfuil an fhoinse ann chun solas a chur ar fáil. Ní hé go raibh an fhoinse 'déanta de sholas' ar bhealach ar bith. Dá bhrí sin, ní bheadh séimhiú ann mar a bhíonn i gcás samplaí mar *bileog pháipéir*, *culaith chadáis* srl.

Córas a bhí ann a chuir iallach ar úsáideoirí breithiúnas caolchúiseach a dhéanamh faoi fheidhm na bhfocal i bpéirí ainmfhocal. Níl iomrá ar bith air in eagráin den CO a foilsíodh ó shin.

14. *Áis éisteachta dhigiteach* ba cheart a scríobh. Focal baininscneach é *áis* agus séimhíonn sé aidiacht ar bith atá inséimhithe, fiú má tá aidiacht lom eatarthu.

15. *éinne*... Is leagan malartach é sin de AON DUINE.

16. *d'fheoilshéantóirí*... Is é *d'fheoilséantóirí* ba cheart a scríobh. Ní shéimhítear, de ghnáth, idir na míreanna i gcomhfhocail, áit a dtagann DNTLS le chéile, m.sh. *spotsolas*, *cúldoras*.

17. *chuile...* Is leagan malartacha é sin de GACH UILE.

18. *seirbhísí tras-Atlantacha*... Is é *trasatlantacha* ba cheart a scríobh.

19. *gan costas*... Níl aon chúis nach mbeadh séimhiú ar an ainmfhocal: *gan chostas*.

20. *béilte*... Iolra malartach an ainmfhocail *béile*. Is é *béilí* an t-iolra caighdeánach.

## Athleagan

Seo thíos leagan den téacs agus na leasuithe go léir curtha i bhfeidhm air.

**Tá áthas ar Aer Lingus fáilte a chur romhat ar bord.**

Tá foireann an chábáin anseo lena chinntiú go mbainfidh tú taitneamh as do thuras. Mar sin de, ná bíodh leisce ort cabhair a iarraidh orthu. Ar mhaithe le do chompord agus do shábháilteacht, iarraimid ort aird a thabhairt ar an bhfoireann ag tús na heitilte agus iad ag taispeáint conas a úsáidtear an fearas slándála. Iarrtar ort an cárta treoracha slándála atá i bpóca an tsuíocháin os do chomhair a léamh leis.

**Sábháilteacht**

Is féidir le fearas leictreonach iniompartha cur isteach ar threalamh an eitleáin, rud a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Is é príomhchúram Aer Lingus ná sábháilteacht ár gcuid paisinéirí agus, dá bharr sin, iarrtar ort aird a bheith agat ar an eolas sa mhír seo a leanas:

- Caithfear teileafóin phóca a mhúchadh nuair a dhruidtear doirse an eitleáin nó ar ordú duine den fhoireann.
- Is ceadmhach leas a bhaint as gléasanna a bhfuil cadhnraí mar fhoinse chumhachta acu, m.sh. uaireadóir leictreonach, áis éisteachta dhigiteach.
- Ní cheadaítear d'aon duine tobac a chaitheamh in aon chuid den eitleán roimh, le linn nó tar éis na heitilte.

**Seirbhísí bia agus dí**

Bíonn rogha leathan bia agus dí le fáil ar sheirbhísí Aer Lingus ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa – bia d'fheoilséantóirí san áireamh. Ní mór íoc as deochanna de gach uile chineál sna seirbhísí sin. Ní mór íoc as deochanna meisciúla inár gcuid seirbhísí tras-atlantacha freisin, ach cuirtear deochanna neamh-mheisciúla ar fáil gan chostas. Tá eolas ar chúl na hirise seo faoi na béilí agus na deochanna is féidir a cheannach.